



POST

OIFIGEACH PLEANÁLA TEANGA

á lorg ag
DÚCHAS AN DAINGIN

Tá Dúchas an Daingin ag lorg duine fuinniúil cumasach chun Plean Teanga Bhaile Seirbhíse Gaeltachta Dhaingean Uí Chúis a chur i bhfeidhm.

Beidh an té a cheapfar ag tacú le lucht ghnó an bhaile, maraon le heagrais agus an pobal i gcoitinne chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge idir labhartha agus scríofa.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar ina bhuntáiste.
- Tuiscint mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir phobail.
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal maraon le heolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais.
- Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Bheith in ann oibriú i gcomhar le daoine eile agus as a stuaim féin.
- Beidh taisteal i gceist leis an phost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Post ar chonradh trí bliana atá á thairiscint agus d'fhéadfaí cur leis an tréimhse sin. Tá scála tuarastail ó €35,000 go €50,000 ag gabháil leis an bpost chomh maith le scéim phinsin.

Cuir litir iarratais i dteannta CV faoin 29ú Dheireadh Fómhair 2021 go:
duchasandaingin@gmail.com

Breis eolais: www.duchasandaingin.ie



Údarás na
Gaeltachta



An Roinn Ealaíon, Oidhreachta,
Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

Department of Arts, Heritage,
Regional, Rural and Gaeltacht Affairs